Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 38

# Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus ar sheirbhísí áirithe eile a chuir an Oifig sin ar fáil, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €51.76 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Athruithe ar struchtúr an Vóta***

Ullmhaíodh an cuntas de réir Mheastachán Athbhreithnithe 2020 don Roinn Sláinte. Rinneadh athstruchtúrú ar fho-mhírchinn áirithe FSS d'fhonn an nasc idir cur i láthair na meastachán agus plean seirbhíse náisiúnta FSS a fheabhsú, lena n-áirítear tuairisciú an chaiteachais a tabhaíodh de dheasca bhriseadh amach Covid-19 go luath in 2020.

Athraíodh fo-mhírcheann J FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí) go J.1 agus cuireadh fo-mhírcheann breise J.2 (FSS – gníomhartha Covid-19) leis an gcuntas. Baineann an caiteachas a ghearrtar ar an bhfo-mhírcheann sin le caiteachas ag réimsí seirbhíse FSS mar chuid de fhreagairt na heagraíochta do Covid-19, seachas na scéimeanna aisíocaíochta cúraim phríomhúil. Rinneadh Sceideal L.2 a leasú chun caiteachas a ghearrtar ar scéimeanna aisíocaíochta cúraim phríomhúil a bhaineann le Covid-19 a áireamh. Gearrtar caiteachas ar chúram cónaithe fadtéarmach arna thabhú ag FSS ar fho-mhírcheann L.3 anois, rud a gearradh roimhe seo ar fho-mhírcheann L.2.

Rinneadh fo-mhírcheann M.3 (áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)) a chónascadh le fo-mhírcheann M.2, agus cuireadh fo-mhírcheann M.3 (seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte) in áit fho-mhírcheann M.4. Cruthaíodh fo-mhírcheann nua M.4 (gníomhartha caipitil Covid-19, lena n-áirítear TFC) sna meastacháin athbhreithnithe.

Ghlac an Roinn ciorclán 21 de 2020 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil go €10,000 in 2020.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Íocaíochtaí le FSS***

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS agus ina leagtar a leibhéil chaiteachais cheadaithe amach. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2020 agus €20.475 billiún (2019: €17.15 billiún). Tugtar cuntas air sin ar fud 14 fho-mhírcheann — gach fo-mhírcheann ó I go M.4, seachas M.1 a bhaineann le caiteachas caipitil de chuid gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhís chomhroinnte (e.g. acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Is é seo an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachta as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Leanfaidh an Roinn den timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn sí a neartú in 2021.

***Cibear-ionsaí***

Fuair an Roinn tásca maidir le teagmhas slándála féideartha an 13 Bealtaine 2021. Rinneadh roinnt beart láithreach chun scóip aon ionsaithe a theorannú agus cuireadh an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála (INC) ar an eolas láithreach.

An 14 Bealtaine, rinneadh ionsaí ar bhonneagar TFC na Roinne, ach d'éirigh leis na bearta a glacadh cheana a éifeachtacht a theorannú. Mar bheart réamhchúraim, dhún an Roinn a córais TFC chun sláine na gcóras agus na sonraí a chosaint, agus chun deis a sholáthar an anailís riachtanach a dhéanamh agus cosaint a dhéanamh ar aon ionsaí eile.

Cé gur thóg an  téarnamh go leor ama agus iarrachta, rinneadh rochtain ar phríomhchórais TFC a athbhunú go hiomlán laistigh de thréimhse ghearr. Bhí saincheisteanna teoranta do rochtain a fháil ar chórais nideoige nó leagáide atá á réiteach faoi láthair. Chruthaigh an eachtra agus saincheisteanna rochtana ina dhiaidh sin riaráistí suntasacha i roinnt réimsí a bhfuil an Roinn ag obair chun iad a ghlanadh.

Tá bearta slándála feabhsaithe curtha i bhfeidhm laistigh de chórais TF na Roinne. Rinneadh athbhreithniú slándála iomlán ar bhonneagar na Roinne. Leanann an Roinn Sláinte ag idirchaidreamh go dlúth le INC, le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, lenár gcomhpháirtí slándála agus le comhghleacaithe ar fud na Seirbhíse Poiblí lena chinntiú go leantar an cleachtas is fearr mar a bhaineann sé le gach gné den chibearshlándáil.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- go mbíonn athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. In 2020, níor chloígh an Roinn leis na gnáthphróisis iomaíocha le haghaidh conarthaí a sholáthar i 26 chás dar luach iomlán €4.562 milliún.

- Agus í ina Treoir-Roinn sa fhreagairt do phaindéim Covid-19, bhí ardleibhéal neamhghnách caiteachais neamhiomaíoch i gceist in 2020. Dámhadh 16 chonradh arbh fhiú €3,152,119 san iomlán iad mar thoradh díreach ar cheanglais phráinneacha Covid-19.
- Bhain €1,180,792 le sé chonradh a soláthraíodh ó chonraitheoirí a raibh saineolas speisialaithe acu nó a soláthraíodh de dheasca práinne.
- Bhain €88,496 le conradh i ndáil le tacaíocht leanúnach bogearraí, i gcás nach mbainfeadh an Státchiste luach ar airgead amach de bharr na n-impleachtaí costais agus na n-amlínte a bheadh i gceist le pacáiste nua a fhorbairt.

Measadh nár chomhlíon trí chonradh arbh fhiú €140,171 san iomlán iad na treoirlínte soláthair ar an mbonn seo a leanas.

- Bhain €88,694 le seirbhísí móibíleacha agus teileafónaíochta a síneadh ní b'fhaide ar aghaidh ná dáta an chonartha bhunaidh. Bhíothas ag súil leis go dtabharfaí comhaontú nua mar thoradh ar thairiscint iomaíoch chun críche in 2019. Bhí an Roinn i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir leis an bpróiseas tairisceana sin. Ar an drochuair, cuireadh moill ar an gcomórtas tairisceana seo de bharr saincheisteanna a bhaineann leis an gcreat teicniúil arna sainaithint ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá an próiseas tairisceana tagtha chun críche anois agus tá an conradh nua dáfa. Cuireadh plean aistrithe comhaontaithe i gcrích leis an bhforthaigeoir rathúil agus cuireadh tús leis an tseirbhís nua le héifeacht ón 21 Meán Fómhair 2020.
- Bhain €26,049 le conradh faireacháin meán a cuireadh amach chun tairisceana roimhe sin ach a sháraigh an tairseach ábhartha. Is seirbhís riachtanach í seo chun an gá leanúnach le faireachán meán a éascú i ndáil le staid athraitheach cúrsaí sláinte poiblí, de réir mar a thuairiscítear í sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé ar intinn ag an Roinn tabhairt faoi chleachtas soláthair chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá leis an tseirbhís seo amach anseo.
- Bhain €25,428 le seirbhísí dréachtaithe/socraíochta reachtaíochta. Thug an Roinn faoi chomórtas tairisceana in 2020 agus bunaíodh painéal tiomnaithe soláthraithe seirbhíse chun na seirbhísí sin a sholáthar d'aonaid na Roinne de réir mar is cuí.

Tá an Roinn tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna an tsoláthair neamhchomhlíontaigh. Tá an Roinn i mbun a beartas agus a nósanna imeachta maidir le saincheisteanna soláthair a neartú agus tugtar tuairiscí chun dáta don fhoireann go léir chuige sin. I gcás gur cuí, baineann an Roinn leas as creataí atá ar fáil go lárnach. Is tosaíocht é feabhas a chur ar phróisis reatha bhainistíochta conartha agus tá siad á gur i bhfeidhm go hinmheánach i láthair na huaire. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhlíonadh a fheabhsú nuair a bhíonn sí ag tabhairt faoina gníomhaíochtaí soláthair.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt fhaofa i scríbhinn. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh ag an Oifigeach Cuntasaíochta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Neartófar an fheidhm sin in 2021 chun léiriú a dhéanamh ar an timpeallacht atá ag éirí níos casta ina bhfeidhmíonn an Roinn. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá fochoiste riosca i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé don Bhord Bainistíochta. In 2020, i dtuarascáil sheachtrach ina ndearnadh athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca na Roinne, rinneadh moltaí maidir leis an gcreat a neartú laistigh den Roinn. Tá na moltaí sin á mbreithniú faoi láthair.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus táthar tar éis iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta agus a fhochoiste riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár.

Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe sin do bhaill shonracha den fhoireann.

***Rialachas san earnáil sláinte***

Lean an Roinn ag neartú a cur chuige maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2020, bunaithe ar an *gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go déanach in 2016. Déanann na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, agus iad faoi stiúir Príomhoifigigh, le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, tá gach Bord, agus Cathaoirleach an Bhoird, freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce go príomha

- leis an reachtaíocht bhunúsach lenar bunaíodh an comhlacht, agus
- leis na ceanglais atá leagtha amach i *gCód Cleachtais* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoin *gCód Cleachtais* athbhreithnithe, bhí comhaontuithe formhaoirseachta agus comhaontuithe soláthar feidhmíochta i bhfeidhm le mórchuid na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne amhail Nollaig 2020, seachas FSS agus an Chomhairle Fiaclóireachta. Díríonn an cur chuige sin ar aschuir agus ar thorthaí agus tá táscairí feidhmíochta ann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus ceadaíonn an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, leanann FSS le plean seirbhíse náisiúnta a ullmhú gach bliain ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar laistigh den mhaoiniú atá ar fáil. Ceadaíonn an tAire Sláinte an plean sin. Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach gach mí ar a laghad i rith na bliana, agus bíonn cruinnithe míosúla ann idir an dá eagraíocht.

Maidir leis na comhlachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, foráiltear le reachtaíocht, i bhformhór na gcásanna, do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. De bharr na bpleananna sin, bítear in ann an straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú faoi seach leis an Roinn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus chun aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar an bhfeidhm cuntas i ráithe a haon de 2021 agus cuirfear na moltaí a rinneadh ann i bhfeidhm.

***Paindéim Covid-19***

Ar an 22 Eanáir 2020, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go raibh fianaise ann go raibh an coróinvíreas úrnua, Covid-19, á tharchur ó dhuine go duine in Wuhan sa tSín. Ar an 30 Eanáir, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta. Faoi mhí an Mhárta, ba léir go raibh géarghá ann le gníomhaíocht in Éirinn nár tháinig a leithéid riamh roimhe chun leathadh ionfhabhtuithe a chosc, chun líon mór daoine a choimeád as an ospidéal agus as aonaid dianchúraim agus chun rátaí suntasacha básmhaireachta a sheachaint.

Cé nach bhfacthas leithéid scála an dúshláin seo riamh roimhe sin, is féidir a rá freisin nach bhfacthas leithéid scála na freagartha arna dtreorú ag an Roinn ach oiread. Aithnítear go forleathan go mbíonn córas cúram sláinte na tíre seo faoi bhrú de ghnáth, agus mar sin, shocraigh an Roinn beart a dhéanamh go tapa chun leas a bhaint as na hacmhainní ar fad a bhí ar fáil chun déileáil leis an bpaindéim seo.

Chuaigh Covid-19 i bhfeidhm ar gach cuid den tsochaí, lena n-áirítear maoiniú agus buiséid a bhí comhaontaithe roimhe sin. Bhí maoiniú suntasach breise ag teastáil chun freagairt na Roinne don phaindéim a chur i ngníomh. Vótáladh maoiniú breise €1.997 billiún don Roinn i meastachán athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2020. B'ionann é sin agus an caiteachas arna fhaomhadh ag an Rialtas maidir le bearta Covid-19 suas go dáta rite an mheastacháin athbhreithnithe.

Ba riachtanach an meastachán athbhreithnithe sin a rith i bhfianaise scála an chaiteachais agus na mbeart a rinneadh mar fhreagairt do Covid-19 agus thionchar foriomlán Covid-19 ar chúrsaí airgeadais an chórais sláinte. Chinntigh an meastachán athbhreithnithe sin comhlíonadh B1.2 de na *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* agus comhlíonadh fhorálacha an Achta Príomh-Chiste (Forálacha Buana), 1965, maidir leis an riail a bhaineann le ceithre chúigiú den chaiteachas. Leis seo, bhíothas in ann leanúint d'oibríochtaí Vóta 38, rud a chinntigh gur coinníodh seirbhís sláinte láidir agus athléimneach ar siúl sna laethanta sin nach raibh a leithéid ann riamh.

Níor cuireadh aon mhaoiniú breise ar fáil le haghaidh fo-mhírchinn nach fo-mhírchinn FSS iad mar chuid den mheastachán athbhreithnithe. Chun athruithe ar riachtanais chaiteachais inmheánacha na Roinne mar thoradh ar an bpaindéim a léiriú, áfach, rinneadh athbhreithniú ar leithdháiltí caiteachais mar chuid den mheastachán athbhreithnithe.

Leis na struchtúir reatha formhaoirseachta idir an Roinn seo, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear grúpa formhaoirseachta an bhuiséid sláinte, mar aon le struchtúir agus próisis nua, éascaíodh cinnteoireacht thráthúil le linn na paindéime agus cinntíodh gur coinníodh ardchaighdeáin rialachais ar siúl ag an am céanna. Cinntigh na struchtúir sin go ndearnadh an infheistíocht shuntasach seo a fhaomhadh, a mhonatóiriú agus a thuairisciú i gcomhréir le próisis cheadaithe chomhaontaithe agus le nósanna imeachta airgeadais comhaontaithe.

Thuairiscigh FSS don Roinn gach seachtain maidir leis an gcaiteachas measta neamhchaipitil agus caipitil a bhain le Covid-19 a tabhaíodh go dtí sin. Sna tuarascálacha sin, mionsonraíodh an caiteachas a tabhaíodh i ngach réimse chomh maith le meastachán ar na costais a bhaineann le tionchar indíreach na paindéime, amhail cailliúint ioncaim.

Bhí glanmheastachán forlíontach eile €514.5 milliún ag teastáil le haghaidh riachtanais mhaoinithe bhreise a tháinig chun cinn i ndáil le trealamh cosanta pearsanta, tástáil agus rianú teagmhálaithe a chur ar fáil.

Mar gheall ar shrianta Covid-19, ní raibh roinnt deontas do ghníomhaireachtaí faoi fho-cheannteidil B.2 (Ciste Sláintiúil na hÉireann) agus H (Sláintecare) faoi réir seiceálacha comhlíonta in 2020 mar a fhoráiltear dóibh i gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse.

Ar mhaithe leis an gcomhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh, d'oibrigh foireann na Roinne ón mbaile ó mhí an Mhárta 2020. Ionas gur féidir a chinntiú go leantar ar aghaidh le hobair riachtanach na Roinne, d'oibrigh foireann na Roinne ón mbaile trí nasc slán chuig gréasán príobháideach fíorúil. Leasaíodh rialuithe airgeadais chun na himthosca athraithe ina raibh an Roinn ag feidhmiú le linn 2020 a léiriú.

Leasaíodh rialuithe airgeadais na Roinne chun gurbh fhéidir údarú, ceadú agus próiseáil idirbhearta a chur i gcrích go cianda seachas trí leas a bhaint as cruachóipeanna de dhoiciméid. Rinneadh rialuithe maidir le soláthraithe nua agus calaois a chosc a neartú freisin i rith na bliana. Bunaíodh ionad costas sonrach chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas a bhain le Covid-19 a tabhaíodh laistigh den Roinn agus chun tuairisc a thabhairt ar an gcaiteachas sin.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor tarraingíodh aird ar aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2020 a éilíonn go nochtfar iad sa chuntas leithreasa seo.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

21 Meán Fómhair 2021

## An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2021

## Vóta 38 Sláinte

### Cuntas Leithreasa 2020

| Seirbhís | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | | 36,250 | 36,117 | 31,493 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | | 275 | 194 | 567 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 2,204 | 2,649 | 1,826 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 230 | 158 | 229 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 2,573 | 1,850 | 1,810 |
| A.6 | Costais áitribh oifige | | 972 | 624 | 1094 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 1,000 | 456 | 910 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | | 42,150 | 40,756 | 38,927 |
| B.2 | Ciste Éire Shláintiúil | | 6,000 | 6,609 | 6,186 |
| B.3 | Tionscnamh Drugaí | | 7,487 | 6,729 | 5,955 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C | Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | 2,700 | 1,968 | 2,353 |
| D | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha | | 13,200 | 9,363 | 29,722 |
| E.1 | Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 80,481 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,320 | | | |
| | | | 94,801 | 91,862 | 64,618 |
| E.2 | An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia | | 5,691 | 5,341 | 5,386 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | 100,022 | 80,000 | 75,000 |
| E.4 | INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann | | 3,200 | 3,013 | 2,148 |

| Seirbhís | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr Tailidimíde | | 495 | 380 | 439 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a maíonn go ndearna vacsaíniú dochar dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 d'Achtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 22,000 | 9,245 | 16,023 |
| F.4 | Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 3,000 | 1,229 | 1,721 |
| G | Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le sláinte agus seirbhísí cúram sláinte | | 2,600 | 2,611 | 1,773 |
| H | Sláintecare | | 45,500 | 21,540 | 11,013 |
| **Riarachán corparáideach** | | | | | |
| I | Glanchostais phinsin | | 562,500 | 517,520 | 536,452 |
| **Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS** | | | | | |
| J.1 | FSS (forbairtí seirbhísí san áireamh) | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,715,617 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,116 | | | |
| | | | 11,722,733 | 11,697,124 | 11,271,467 |
| J.2 | FSS – Gníomhartha Covid-19 | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,666,688 | | | |
| | *Forlíontach* | 496,383 | | | |
| | | | 2,163,071 | 2,351,156 | — |
| **Seirbhísí eile FSS** | | | | | |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 7,513 | 1,879 | 1,879 |
| K.2 | Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 | | 1,700 | 150 | 501 |

| Seirbhís | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| K.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 - Scéim Árachais | | 1,500 | 1,686 | 620 |
| K.4 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | 400,000 | 377,452 | 390,000 |
| K.5 | Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin) | | 2,700 | 997 | 2,450 |
| **Clár cúraim** | | | | | |
| L.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil | | 3,218,400 | 3,238,400 | 3,150,774 |
| L.2 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil - Gníomhartha Covid-19 | | | | |
| | *Bunaidh* | 110,350 | | | |
| | *Forlíontach* | 29,681 | | | |
| | | | 140,031 | 140,031 | — |
| L.3 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | 1,062,396 | 998,146 | 989,881 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | | |
| M.1 | Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh) | | 14,527 | 12,466 | 10,924 |
| M.2 | Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 744,000 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 30,000 | | | |
| | | | 774,000 | 607,726 | 593,423 |
| M.3 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 222,000 | 221,996 | 211,690 |
| M.4 | Gníomhaíochtaí caipitil Covid-19 (lena n-áirítear TFC) | | 220,000 | 320,566 | — |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,327,922 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 30,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 547,500 | | | |
| | | | **20,905,422** | **20,809,989** | **17,459,254** |
| | *Lúide* | | | | |
| N | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 430,222 | | | |
| | *Forlíontach* | 33,000 | | | |
| | | | **463,222** | **487,723** | **463,858** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 19,897,700 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 30,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 514,500 | | | |
| | | | **20,442,200** | **20,322,266** | **16,995,396** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €68.174 milliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil d'fho-mhírcheann M.2 ar aghaidh go 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 119,933,743 | 34,918,785 |
| Géilleadh iarchurtha | (68,174,000) | (30,000,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **51,759,743** | **4,918,785** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán na Roinne | | 42,048 | 37,929 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 20,767,941 | 17,421,325 |
| **Ollchaiteachas** | | **20,809,989** | **17,459,254** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **487,723** | **463,858** |
| **Glanchaiteachas** | | **20,322,266** | **16,995,396** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (73) | | |
| Dímheas | 22 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 5 | (46) | 87 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méaduithe ar fhabhruithe deiridh | (1,020) | | |
| Méadaithe ar stoc | (2) | (1,022) | 713 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **20,321,198** | **16,996,196** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 19,288 | 19,492 |
| **Glanchostas an chláir** | | **20,340,486** | **17,015,688** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 38 a iompraíodh in áit eile. Is meastacháin iad na figiúirí thíos bunaithe ar fhigiúirí sealadacha toraidh arna gcur ar fáil ag rannóg na seirbhísí lárnacha sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 50 | 38 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 10,800 | 10,112 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 8,031 | 9,030 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 62 | 52 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 83 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 262 | 260 |
| | | **19,288** | **19,492** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 20

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 79 | 824 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 51,654 | 24,979 |
| Stoic | 2.3 | 18 | 16 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 14,675 | 1,450 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,036 | 313 |
| Ioncam fabhraithe | | 102 | 205 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **68,485** | **26,963** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 1,915 | 1,315 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 2,644 | 975 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 63,685 | 25,454 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **68,244** | **27,744** |
| **Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)** | | 241 | (781) |
| **Glansócmhainní** | | **320** | **43** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **320** | **43** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 824 | 450 | 1,274 |
| Breiseanna | 73 | — | 73 |
| Diúscairtí | (35) | — | (35) |
| Coigeartuithe [a] | (749) | (450) | (1,199) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 113 | — | 113 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 360 | 90 | 450 |
| Dímheas don bhliain | 22 | — | 22 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (30) | — | (30) |
| Coigeartuithe [a] | (318) | (90) | (408) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 34 | — | 34 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **79** | **—** | **79** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 464 | 360 | 824 |

Nóta [a] Baineann na coigeartuithe seo le míreanna aonair a bhfuil luachanna faoi bhun €10,000 orthu a bhaint den chlár sócmhainní de réir chiorclán 21 de 2020: *Méadú ar an Tairseach Luacha le haghaidh Sócmhainní a Chuimsiú sa Chlár Sócmhainní.*

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 51,579 | 24,434 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc eile | 75 | 545 |
| | **51,654** | **24,979** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 12 | 11 |
| Tomhaltáin TF | 6 | 5 |
| | **18** | **16** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 39 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | — | 12 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | 41 | 187 |
| An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a] | 13,561 | 1,206 |
| Cáin bhreisluacha | — | 1 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 1,073 | 5 |
| | **14,675** | **1,450** |

Nóta [a] Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta don Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí cúitimh a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh de bhun na dtuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte. Iarrtar ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun na cistí sin a fhorchúiteamh ón Roinn Airgeadais.

Léiríonn an t-iarmhéid ar an gcuntas fionraí ag deireadh na bliana na costais a ghlan an Roinn Sláinte i leith an Bhinse agus nár forchúitíodh maoiniú ón gCiste Cuntas Speisialta agus Cúitimh ina leith go fóill.

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 560 | — |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 334 | — |
| Muirear sóisialach uilíoch//tobhach ioncaim | 114 | — |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | — |
| Cáin bhreisluacha | 54 | — |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 100 | 73 |
| | 1,164 | 73 |
| Cuntas speisialta RISF [a] | 50 | 429 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 239 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 1,191 | 473 |
| | **2,644** | **975** |

Nóta [a] Fuarthas ranníocaíocht €429,000 i mí na Nollag 2019 de réir Alt 43 den Acht um Chiste Reachtúil Institiúidí Cónaithe 2012. Íocadh le FSS í i mí na Samhna 2020 i ndáil leis na costais a bhaineann leis an ospidéal péidiatraice náisiúnta nua. Fuarthas ranníocaíocht bhreise €500,000 i mí Dheireadh Fómhair 2020. Níl na ranníocaíochtaí seo le húsáid ach amháin chun críocha a bhaineann le hospidéal péidiatraice náisiúnta nua a fhorbairt. Cuireadh an ranníocaíocht i gcuntas coinneála speisialta.

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 51,760 | 4,919 |
| Géilleadh iarchurtha | 68,174 | 30,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (56,249) | (9,465) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **63,685** | **25,454** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 51,654 | 24,979 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 14,675 | 1,450 |
| | 66,329 | 26,429 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,164) | (73) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,480) | (902) |
| | (2,644) | (975) |
| | **63,685** | **25,454** |

## 2.7 An cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 43 | 843 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 20,442,200 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (68,174) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (51,760) | | |
| Glanvóta | | | 20,322,266 | 16,995,396 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 19,288 | 19,492 |
| Caiteachas neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil | | | (791) | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (20,340,486) | (17,015,688) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **320** | **43** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 2,007 | 2,520 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 30,486 | 30,530 |
| Cláir deontas caipitil | 25,721 | 32,909 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **58,214** | **65,959** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 30,530 | 8,912 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (27,691) | (8,820) |
| Ceangaltais nua deontais | 28,526 | 30,530 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (879) | (92) |
| **Iarmhéid deiridh** | **30,486** | **30,530** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 32,909 | 28,619 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (9,574) | (8,566) |
| Gealltanais nua deontais | 2,409 | 18,995 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (23) | (6,139) |
| **Iarmhéid deiridh** | **25,721** | **32,909** |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

## 2.10 Féichiúnaí ioncaim FSS

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dliteanas tosaigh ag an 1 Eanáir [a] | (53,990) | (54,861) |
| Cinneadh | (19,451,541) | (16,471,023) |
| Deontais a eisíodh | 19,451,541 | 16,471,894 |
| Farasbarr 2019 a cuireadh i bhfeidhm | 53,990 | — |
| **Dliteanas deiridh ag an 31 Nollaig** | — | **(53,990)** |

Nóta [a] Coigeartaíodh an figiúr comparáideach chun féichiúnaí ioncaim FSS a léiriú.

Tháinig iarmhéid €54.8 milliún chun cinn ar dtús ag deireadh 2015 nuair a d’iarr FSS ar chuideachtaí árachais a gcuid íocaíochtaí airgid a luathú chun sreabhadh airgid a fheabhsú agus chun an t-am idir an tseirbhís a sholáthar agus an íocaíocht a fháil a laghdú. Mar thoradh ar na híocaíochtaí sin, bhí sealúchais airgid bhreise ag FSS ag deireadh 2015 agus theastaigh uaidh maoiniú níos ísle ón Státchiste sa bhliain ná mar a bheadh i gcás an leibhéil chaiteachais cheadaithe chéanna. Tá seachaint an iomarca maoinithe ón Státchiste a sholáthar ar aon dul leis na *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*.

Ba é an figiúr €54.8 milliún an difríocht idir leibhéal an chaiteachais, mar a cheadaigh an tAire, agus leibhéal an mhaoinithe vótáilte a fuair FSS in 2015. In 2020, d’fhaomh an tAire Sláinte €53.99 milliún de bharrachas FSS sa bhliain 2019 a úsáid chun freastal ar an dliteanas sin.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais ina raibh an toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás fo-mhírcheann riaracháin áirithe). Íocadh an róchaiteachas ar roinnt fo-mhírcheann trí aistriú coigilteas ar fho-mhírchinn eile.

### Caiteachas riaracháin

**A.5 Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €2.573 milliún; toradh €1.85 milliún*

Tharla an gannchaiteachas €723,000 ar chaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF mar thoradh ar roinnt costas ceadúnas nár tháinig chun cinn go 2021 (€296,000) agus bhain an chuid eile den ghannchaiteachas le moilleanna ó thaobh tionscadal áirithe a chur i bhfeidhm toisc go raibh gá ann le hacmhainní a leithdháileadh de dheasca Covid-19.

**A.6 Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €972,000; toradh €624,000*

Tháinig an gannchaiteachas €348,000 ar chostais áitribh oifige as costais chóiríochta a bheith ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis toisc go raibh baill foirne ag obair ón mbaile ar feadh na coda is mó de 2020.

**A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €456,000*

Tharla an gannchaiteachas €544,000 ar sheirbhísí comhairleoireachta mar gheall ar mhoilleanna ó thaobh tionscadail a cheadú le haghaidh maoinithe toisc go raibh gá ann le hacmhainní a leithdháileadh de dheasca Covid-19.

### Deontais do ghníomhaireachtaí

**B.2 Ciste Éire Shláintiúil**

*Soláthar meastacháin €6 milliún; toradh €6.609 milliún*

Tharla an róchaiteachas €609,000 mar thoradh ar mhéadú i gcostais chumarsáide chun tacú le feachtas um shláinte phoiblí maidir le maireachtáil taobh le Covid-19 agus mar thoradh ar mhaoiniú €250,000 ó chuntais dhíomhaoine a ath-leithdháileadh ar an gCiste Éire Shláintiúil.

**B.3 Tionscnamh drugaí**

*Soláthar meastacháin €7.487 milliún; toradh €6.729 milliún*

Tharla an gannchaiteachas €758,000 toisc nach rabhthas in ann roinnt tionscnamh beartaithe taighde a chur ar aghaidh de dheasca shrianta Covid-19.

**C Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile**

*Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €1.968 milliún*

Tharla an gannchaiteachas €732,000 go príomha toisc nár íocadh ballraíocht aon ghníomhaireachta amháin do 2020 go dtí mí Feabhra 2021 (€612,000).

**D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €13.2 milliún; toradh €9.363 milliún*

Tharla gannchaiteachas €3.837 milliún go príomha toisc gur cuireadh moill ar éisteachtaí cúirte de dheasca Covid-19.

**E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha**

*Soláthar meastacháin €80.481 milliún; toradh €91.862 milliún*

Bhí an caiteachas sa réimse seo €11.381 milliún ní b’airde ná mar a bhíothas súil leis toisc gur thug an Roinn ranníocaíocht €14 mhilliún chun tacú le snáithe vacsaíne den Ionstraim um Thacaíocht don Eoraip arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach. D’úsáid an Coimisiún an ranníocaíocht sin, agus ranníocaíochtaí ballstát eile, chun dul isteach i gcomhaontuithe breise réamhcheannaigh le déantúsóirí vacsaíne, ionas go bhféadfaí punann leathan d’iarrthóirí vacsaíne a fháil. Leis sin, uasmhéadaíodh na deiseanna d’Éirinn rochtain a fháil ar vacsaín éifeachtach laistigh den achar ama is giorra is féidir.

**E.2 An Bord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia**

*Soláthar meastacháin €5.691 milliún; toradh €5.341 milliún*

Tá an maoiniú don Bhord um Chur chun Cinn Sábháilteachta Bia faoi réir maoiniú comhoiriúnaithe cuí a bheith á sholáthar ag Roinn Sláinte Thuaisceart Éireann (RSTE). Níorbh fhéidir le RSTE an chuid dheireanach den mhaoiniú comhoiriúnaithe sin a dhearbhú roimh dheireadh na bliana agus. mar sin, coinníodh maoiniú dar luach €350,000 siar.

**E.3 An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála**

*Soláthar meastacháin €100.022 milliún; toradh €80 milliún*

Tháinig an t-easnamh €20.022 milliún i gcaiteachas mar thoradh ar cinneadh sláinte poiblí deireadh a chur leis an gcúram neamhriachtanach ar fad, geall leis, in ospidéil ar feadh tréimhse ama de dheasca Covid-19.

**E.4 INTERREG Éire/Tuaisceart Éireann**

*Soláthar meastacháin €3.2 milliún; toradh €3.013 milliún*

Maidir leis na híocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo, iarrann Comhlacht na gClár Speisialta AE iad bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a dhéantar le tionscadail faoin scéim seo. Bhí an caiteachas €187,000 ní b’ísle ná mar a measadh de bharr uainiú na n-iarrataí ar mhaoiniú tionscadail.

**F.1 Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr tailidimíde**

*Soláthar meastacháin €495,000; toradh €380,000*

Tharla an gannchaiteachas ar an bhfo-mhírcheann seo toisc nár tugadh an próiseas idirghabhála i gcrích agus nár tabhaíodh an caiteachas measta €115,000 le linn na bliana.

**F.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin €22 milliún; toradh €9.245 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais €12.755 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mhoilleanna ar shuíonna an Bhinse in 2020 de dheasca Covid-19 agus mar gheall go raibh líon agus luach na ndámhachtainí níos ísle mar a bhíothas ag súil leis.

**F.4 Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin €3 milliún; toradh €1.229 milliún*

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-íocfar suimeanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Mar atá leagtha amach in F.3, bhí moilleanna ann ó thaobh shuíonna an Bhinse de dheasca Covid-19 agus bhí líon agus luach na ndámhachtainí ag an mbinse níos lú ná mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad. Mar thoradh air sin, bhí íocaíochtaí ón gciste cúitimh €1.771 milliún níos ísle ná mar a bhí buiséadaithe.

**H Sláintecare**

*Soláthar meastacháin €45.5 milliún; toradh €21.54 milliún*

Tharla an t-easnamh €23.96 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha toisc gur maoiníodh Ciste Athdhearaidh Cúraim Sláintecare (€12 milliún) agus an Plean um Chúram Pobail Feabhsaithe (€10 milliún) go díreach trí FSS. Aistríodh cistí €22 milliún go fo-mhírcheann J.1 le haghaidh na míreanna sin.

## Riarachán corparáideach

**I Glanchostais phinsin**

*Soláthar meastacháin €562.5 milliún; toradh €517.52 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais seo toisc go ndeachaigh líon ní ba lú daoine amach ar scor in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leis. Aistríodh cistí €15 milliún den ghannchaiteachas sin go J.2.

## Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS

**J.2 FSS Gníomhartha Covid-19**

*Soláthar meastacháin €1,666.688 milliún; toradh €2,351.156 milliún*

Tharla an méadú €684.468 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin go príomha toisc gur bhain costas €516 milliún ní b'airde ná mar a bhí pleanáilte le trealamh cosanta pearsanta a sholáthar agus gur bhain costas €156 milliún ní b'airde ná an meastachán bunaidh le trealamh Covid-19 nár threalamh cosanta pearsanta é a sholáthar. D'fhaomh an Rialtas ceaduithe maidir leis an gcaiteachas sin agus fuarthas iad ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Rinneadh €496.383 milliún den easnamh sin a chúiteamh trí mheastachán forlíontach. Aistríodh cistí €169.017 milliún chuig an bhfo-mhírcheann seo ó fho-mhírchinn eile FSS agus aistríodh cistí €19.068 milliún ó fho-mhírchinn nach fo-mhírchinn FSS iad.

## Seirbhísí eile FSS

**K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar meastacháin €7.513 milliún; toradh €1.879 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais €5.634 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár íocadh na deontais go dtí gur comhlíonadh coinníollacha an deontais. Tarlaíonn moilleanna de dheasca ceanglais faisnéise atá fós amuigh.

**K.2 Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006**

*Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €150,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais €1.55 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo sa chaoi go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má tá ceisteanna le réiteach sa phróiseas fíoraithe, agus, dá bhrí sin, féadfar uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar chineál reachtúil na Scéime, caithfidh an Stát na dliteanais a eascraíonn faoin Scéim a chomhlíonadh agus dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfaidh maoiniú don Scéim san fho-mhírcheann ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

**K.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 - Scéim Árachais**

*Soláthar meastacháin €1.5 milliún; toradh €1.686 milliún*

Tharla an méadú €186,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur próiseas garbhreithiúnach é seo bunaithe ar éilimh a taisceadh agus tá éagsúlacht mhór ann i gcineál na n-éileamh agus na n-íocaíochtaí a dhéantar in aon bhliain ar leith. Freastalaíodh ar an róchaiteachas trí aistrithe ó fho-mhírchinn eile FSS.

**K.4 Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**

*Soláthar meastacháin €400 milliún; toradh €377.452 milliún*

Tharla an gannchaiteachas €22.548 milliún toisc gur tharla líon ní ba lú suíonna cúirte in 2020 ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr na mbeart sláinte poiblí a tugadh isteach le linn na bliana. Aistríodh cistí €10 milliún den ghannchaiteachas sin go fo-mhírcheann J.2.

**K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)**

*Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €997,000*

Bhí an caiteachas sa réimse seo €1.703 milliún ní ba lú ná an meastachán a tugadh i dtús báire mar cuireadh tionscadail siar nuair a leithdháileadh acmhainní mar thoradh ar Covid-19.

## Clár cúraim

**L.2 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil – Gníomhartha Covid-19**

*Soláthar meastacháin €110.35 milliún; toradh €140.031 milliún*

Tharla an méadú €29.681 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chinneadh ón Rialtas an scéim DG (Dochtúir Ginearálta) Covid-19 a fhadú. Freastalaíodh ar an róchaiteachas trí mheastachán forlíontach.

**L.3 Cúram cónaithe fadtéarmach**

*Soláthar meastacháin €1,062.396 milliún; toradh €998.146 milliún*

Bhí an caiteachas sa réimse seo €64.25 milliún ní ba lú ná an meastachán a tugadh i dtús báire toisc gur tháinig laghdú ar an éileamh a bhí ar scéimeanna áirithe mar thoradh ar shrianta Covid-19. Aistríodh cistí an ghannchaiteachais seo go fo-mhírcheann J.2.

## Seirbhísí caipitil

**M.1 Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)**

*Soláthar meastacháin €14.527 milliún; toradh €12.466 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais €2.061 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall gur cuireadh líon beag tionscadal caipitil TFC do ghníomhaireachtaí atá maoinithe go díreach siar go 2020.

**M.2 Áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú**

*Soláthar meastacháin €744 milliún; toradh €607.726 milliún*

B'ionann an t-easnamh i gcaiteachas in 2020 agus €136.274 milliún i gcoibhneas leis an meastachán agus tharla sé den chuid is mó ós rud é go raibh na costais a bhaineann le caiteachas caipitil ar Ospidéal nua na Leanaí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis in 2020 (€147 milliún). Tharla sé sin toisc gur cuireadh moill ar oibreacha de dheasca shrianta Covid-19.
Aistríodh cistí €101 milliún chuig M.4 chun ceanglais chaipitil Covid-19 a chomhlíonadh agus cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcuirfí €68.174 milliún siar go 2021 i ndáil le costas thionscadal Ospidéal na Leanaí.

**M.4 Gníomhartha caipitil Covid-19, lena n-áirítear TFC**

*Soláthar meastacháin €220 milliún; toradh €320.566 milliún*

Tharla an méadú €100.566 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar oibreacha caipitil forleathana riachtanacha Covid-19 a bheith ar siúl ar fud na tíre. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an caiteachas sin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| 1 | Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 250,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 20,000 | | | | |
| | | | 270,000 | 270,000 | | 270,000 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | | 167,605 | 167,605 | | 167,605 |
| 3 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 2,000 | 5,807 | | 5,530 |
| 4 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 3,800 | 3,126 | | 3,122 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 51 | | | | |
| | *Forlíontach* | 3,500 | 3,551 | 24,615 | | 1,015 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | | 2,700 | 11,247 | | 2,700 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 3,915 | 3,510 | | 3,886 |
| 8 | Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE. | | 150 | 1,813 | | — |
| 9 | Fáltais maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | | |
| | *Forlíontach* | 9,500 | 9,501 | — | | — |
| 10 | Fáltas caipitil ón Roinn Oideachais agus Scileanna | | — | — | | 10,000 |
| | **Iomlán** | | **463,222** | **487,723** | | **463,858** |

### Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach leis sa mhír seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €57.501 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

**1 Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil**

*Measta €250 milliún; réadaithe €270 milliún*

Bhí an tsuim a aisghabhadh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh €20 milliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Déantar an tsuim a fhaightear a chaibidliú i rith na bliana agus níltear cinnte cén tsuim a gheofar sula ndéanfar na caibidlí i rith na bliana.

**3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Measta €2 milliún; réadaithe €5.807 milliún*

Tharla an méadú €3.807 milliún toisc go mbíonn sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí oftalmacha a thuar. Bíonn moill ama ann ar fhaisnéis a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**4 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Measta €3.8 milliún; réadaithe €3.126 milliún*

Tharla an laghdú €674,000 toisc go mbíonn sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí fiaclóireachta a thuar. Bíonn moill ama ann ar fhaisnéis a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**5 Fáltais ilghnéitheacha**

*Measta €51,000; réadaithe €24.615 milliún*

Tharla an méadú €24.564 milliún go príomha mar gheall ar fháltas €23.279 milliún ó Chiste Dlúthpháirtíochta AE i mí na Nollag 2020. Mar chuid de na fáltais ilghnéitheacha freisin, bhí aistrithe cistí nár úsáideadh ó chuntas fionraí Mhaoiniú an Aontais Eorpaigh, fáltais i ndáil le táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus Táillí um Shaoráil Faisnéise.

**6 Cuntais dhíomhaoine**

*Measta €2.7 milliún; réadaithe €11.247 milliún*

De dhroim cinneadh ón Rialtas, mhaoinigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Sláinte agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Ciste Cobhsaíochta Covid-19 le haghaidh Fiontair Phobail agus Dheonacha, agus Fiontair Charthanúla agus Fiontair Shóisialta. Fuarthas €10 milliún ó Chiste na gCuntas Díomhaoin maidir leis an scéim sin. Rinne Pobal an scéim a riar thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Íocadh caiteachas a bhaineann leis an scéim ó fho-mhírcheann E.1.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €3.915 milliún; réadaithe €3.51 milliún*

Fuarthas €405,000 ní ba lú ná an meastachán ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais de bharr laghdú ar ranníocaíochtaí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

**8 Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE**

*Measta €150,000; réadaithe €1.813 milliún*

Bhí na fáltais a fuarthas i leith Chláir Speisialta AE €1.663 milliún ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar chineál chlár INTERREG, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair uainiú na bhfáltas sin a thuar.

**9 Fáltais maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)**

*Measta €1,000; réadaithe €nialas*

Le linn an phróisis mheastachán athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2020, d'oibrigh an Roinn leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun rochtain a fháil ar chistí ó Chláir Mhaoiniúcháin Struchtúraigh AE chun cabhrú le freastal ar na costais a tabhaíodh de bharr Covid-19. Soláthraíodh an maoiniú sin go díreach don Státchiste, seachas don Roinn, ina dhiaidh sin.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Suim a bailíodh | 48 | 50 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (48) | (50) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon Foirne

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| *Líon foirne ag deireadh na bliana* | | |
| Roinn | 596 | 521 |
| Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 81,192 | 76,905 |
| Fostaithe deonacha (Alt 38) seirbhísí géarmhíochaine agus seirbhísí nach seirbhísí géarmhíochaine iad | 44,982 | 42,912 |
| Gníomhaireachtaí eile [a] | 1,787 | 1,753 |
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **128,557** | **122,091** |

Nóta [a] Cuimsíonn 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht a oibríonn faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 34,346 | 30,045 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 257 | 205 |
| Liúntais eile | 11 | 10 |
| Ragobair | 255 | 115 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,624 | 2,137 |
| **Pá iomlán [a]** | **37,493** | **32,512** |

Nóta [a] An figiúr pá iomlán mar atá i bhfo-mhírchinn A.1 agus H.

**Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 4,074,480 | 3,803,874 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 488,601 | 449,759 |
| Riaráistí | 44,240 | 39,430 |
| Ragobair | 210,830 | 187,752 |
| ÁSPC Fostóirí | 471,299 | 429,071 |
| Aoisliúntas | 766,704 | 747,476 |
| Pá iomlán fhostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 6,056,154 | 5,657,362 |
| | | |
| Costais foirne gníomhaireachta | 390,098 | 349,447 |
| **Pá iomlán [a]** | **6,446,252** | **6,006,809** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn na costais phá thuas fostaithe san earnáil dheonach.

**Luach saothair gníomhaireachtaí eile [a]**

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 60,047 | 55,919 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 150 | 114 |
| Liúntais eile | 123 | 103 |
| Ragobair | 12 | 20 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,173 | 5,604 |
| **Pá iomlán** | **66,505** | **61,760** |

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 23 | 12 | 22,029 | 27,368 |
| Liúntais eile | 8 | — | 1,878 | 1,855 |
| Ragobair | 76 | 9 | 23,399 | 19,541 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 4 | 4 | 20,918 | 23,847 |
| **Foireann gníomhaireachtaí eile [a]** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 41 | 6 | 28,625 | 9,296 |
| Liúntais eile | 39 | 1 | 11,436 | 6,351 |
| Ragobair | 13 | — | 2,906 | 3,389 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 3,445 | — |

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh státseirbhíseach amháin a fuair pinsean státseirbhíse agus nár fhóin sa Roinn seo roimhe seo, a athfhostú ar bhonn táille in 2019 agus íocadh €35,000 leis in 2020 mar thráthchuid dheireanach. Bhí an íocaíocht a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Iar-státseirbhíseach amháin a d'fhóin sa Roinn seo cheana féin, athfhostaíodh é ar bhonn tuarastail in 2020.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €123,716 maidir le triúir oifigeach a d'fhóin lasmuigh den Roinn i rith 2020 nó ar feadh tréimhse le linn 2020 agus a raibh a dtuarastail á n-íoc ag an Roinn.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon faighteoirí** | **2020** | **2019** [a] |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 25 | 54,712 | 82,112 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 9 | 16,025 | 27,188 |

Nóta [a] Rinneadh na figiúirí seo do 2019 a leasú ó Chuntas Leithreasa 2019 chun na figiúirí athbhreithnithe a fuair an Roinn ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a léiriú.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €67,904 san iomlán iad agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €184,618 san iomlán iad le naonúr ball foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht.

# Nóta 6 Míreanna ilghnéitheacha

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra shocraithe | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2020 | Caiteachas in 2020 | Caiteachas in 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara) | 2017 | 5,050 | 1,376 | 1,583 |
| Binse CervicalCheck | 2020 | 1,847 | 1,847 | — |
| Fiosrúchán Scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck | 2018 | 2,181 | 190 | 958 |
| | | **9,078** | **3,413** | **2,541** |

Foráladh le hAlt 3 den Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin, 2004, do choimisiún a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar na nithe a shonraítear in Airteagal 3(a) den Acht agus d'aon tuarascálacha a dhéanamh a cheanglaítear faoin Acht sin i ndáil lena imscrúdú. I mí an Mhárta 2017, rinneadh cinneadh coimisiún imscrúdúcháin a bhunú maidir le nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Gearrtar caiteachas an Choimisiúin ar Fho-mhírcheann D – fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus speansais dlí ilghnéitheacha.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Binse um CervicalCheck an 27 Deireadh Fómhair 2020. Bunaíodh an Binse faoi Alt 4 den Acht fán mBinse um CervicalCheck, 2019, a chuireann tuarascáil an Bhreithimh Onóraigh Charles Meenan i bhfeidhm maidir le *Córas Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Éiríonn as CervicalCheck*. Cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe chuig an mBinse le héifeacht ón 1 Nollaig 2020, rud a d'éascaigh an Binse tús a chur lena chuid oibre. Gearrtar caiteachas an Bhinse ar Fho-mhírcheann D freisin.

Íocadh an íocaíocht dheireanach maidir leis an bhfiosrúchán scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck in 2020.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | 2020 | | | | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Dámhachtainí agus socrúcháin éilimh | 13 | 1,816 | 2,341 | 575 | 4,732 | 23,763 |
| **Iomlán** | **13** | **1,816** | **2,341** | **575** | **4,732** | **23,763** |

## 6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Slánaíochta Obstatraice Speisialta. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Mount Carmel a shlánú i leith éilimh obstatraice shonraithe. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Thug an tAire Sláinte údarú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Ag an 31 Nollaig 2020, b'ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.950 milliún (2019: €4.951 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2020 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meatachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| **Fo-mhírcheann** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,513 | 1,879 | 1,879 |
| | | **7,513** | **1,879** | **1,879** |

## 6.5 Maoiniú AE

Cómhaoiníonn an tAontas Eorpach caiteachas faoi fho-mhírcheann E.4.

## 6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | **6** | **3** |

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an Aire/Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í [a] |
|---|---|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2019 | 14 Bealtaine 2020 | 27 Bealtaine 2020 | 19 Meitheamh 2020 |
| Ospidéal Beaumont | 2019 | 11 Feabhra 2021 | 17 Feabhra 2021 | 25 Márta 2021 |
| Sláinte Leanaí Éireann | 2019 | 20 Samhain 2020 | 26 Samhain 2020 | 12 Eanáir 2021 |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 2019 | 24 Nollaig 2020 | 13 Eanáir 2021 | 22 Eanáir 2021 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | 2018 | 16 Nollaig 2019 | 6 Eanáir 2020 | 28 Eanáir 2020 |
| Ospidéal San Séamas | 2019 | 24 Samhain 2020 | 9 Nollaig 2020 | 10 Nollaig 2020 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Péidiatraice Náisiúnta | 2019 | 17 Meitheamh 2020 | 12 Lúnasa 2020 | 13 Lúnasa 2020 |
| An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia | 2019 | 30 Meitheamh 2020 | 30 Lúnasa 2020 | 27 Deireadh Fómhair 2020 |
| Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 2019 | 21 Nollaig 2020 | 12 Feabhra 2021 | 3 Márta 2021 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 2019 | 25 Lúnasa 2020 | 11 Meán Fómhair 2020 | 23 Meán Fómhair 2020 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | 2019 | 24 Aibreán 2020 | 13 Bealtaine 2020 | 26 Bealtaine 2020 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2019 | 29 Deireadh Fómhair 2020 | 27 Samhain 2020 | 8 Nollaig 2020 |
| An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) | 2019 | 15 Nollaig 2020 | 18 Nollaig 2020 | 21 Nollaig 2020 |
| Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 2019 | 30 Meitheamh 2020 | 20 Iúil 2020 | 22 Iúil 2020 |
| An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | 2019 | 25 Meitheamh 2020 | 29 Meitheamh 2020 | 12 Lúnasa 2020 |
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 2019 | 30 Meitheamh 2020 | 3 Iúil 2020 | 7 Iúil 2020 |
| An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse | 2019 | 7 Deireadh Fómhair 2020 | 23 Deireadh Fómhair 2020 | 7 Nollaig 2020 |
| An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil | 2019 | 29 Eanáir 2021 | 4 Feabhra 2021 | 31 Márta 2021 |
| An tÚdarás Árachais Sláinte | 2019 | 5 Meitheamh 2020 | 23 Iúil 2020 | 12 Lúnasa 2020 |

| Comhlacht/Ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an Aire/Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í [a] |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste um Chothromú Fiontar | 2019 | 5 Meitheamh 2020 | 23 Iúil 2020 | 12 Lúnasa 2020 |
| An Bord Altranais agus Cnáimhseachais | 2019 | 21 Nollaig 2020 | 2 Feabhra 2021 | 23 Márta 2021 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | 2019 | 17 Meitheamh 2020 | 9 Meán Fómhair 2020 | 23 Meán Fómhair 2020 |
| Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b] | 2019 | 26 Márta 2020 | 1 Meán Fómhair 2020 | 30 Meán Fómhair 2020 |
| An Chomhairle Fiaclóireachta [b] | 2018 | 8 Márta 2019 | 28 Márta 2019 | 16 Aibreán 2019 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 2019 | 22 Nollaig 2020 | 22 Eanáir 2021 | 16 Márta 2021 |
| Cuntais Chomhdhlúite Maoine Príobháidí Othar | 2019 | 12 Nollaig 2020 | 11 Eanáir 2021 | 31 Márta 2021 |
| An Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte (Ciste Síntiús) | 2019 | 22 Nollaig 2020 | 22 Nollaig 2020 | 31 Márta 2021 |
| Cuntas Speisialta don Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte | 2019 | 22 Nollaig 2020 | 22 Nollaig 2020 | 31 Márta 2021 |
| Heip. C – Scéim Árachais | 2019 | 22 Nollaig 2020 | 23 Nollaig 2020 | 26 Feabhra 2021 |

Nótaí

[a] Leagtar na cuntais iniúchta faoi bhráid Theach an Oireachtais de réir na reachtaíochta faoinar bunaíodh iad.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit seo.